Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE – FÓGRA LÁITHREÁIN

### An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
### Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8

## Barr Eanaigh, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe

**De bhun cheanglais an mhéid thuas, tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe teach cónaithe a thógáil, agus córas cóireála fuíolluisce atá comhlíontach de réir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, scagaire snasúcháin agus na seirbhísí láithreáin gaolmhara go léir, ag Barr Eanaigh, Corr an Dola, Co. na Gaillimhe (Baile Fearainn: Barr Eanaigh)**

Tá Tuarascáil ar Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar an t-údarás inniúil, agus tá cinneadh déanta aici nach bhfuil gá le Measúnacht Chuí Céim 2 i leith na forbartha beartaithe seo.

**Beidh pleananna agus mionsonraí** na forbartha beartaithe ar fáil chun breathnú orthu nó chun ceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, le linn gnáthuaireanta oifige (Dé Luain go dtí Dé hAoine, 9.00am – 4.00pm), seachas Saoirí Bainc agus Saoirí Poiblí ar feadh tréimhse 4 seachtaine ó Dé hAoine, an 26 Meitheamh 2026 go dtí Dé hAoine, an 24 Iúil 2026, sna hoifigí seo a leanas de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

- Comhairle Chontae na Gaillimhe, An Roinn Pleanála (Cuntar Poiblí), Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX,
- Comhairle Chontae na Gaillimhe, Oifig Ceantair Thuama, An tSráid Ard, Tuaim, Co. na Gaillimhe, H54 F627
- Tairseach Chomhairliúcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag https://consult.galway.ie/ga

**Is féidir aighneachtaí nó tuairimí**maidir leis an bhforbairt bheartaithe, i dtaobh phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn chuig Rúnaí an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Bosca Oifig Phoist Uimh. 27, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX; nó trí Thairseach GBRÁ – https://planning.localgov.ie/ga. le teacht tráth nach déanaí ná Dé hAoine, an 7 Lúnasa 2026.

| Sínithe: | Dáta: |
|---|---|
| **Damien Mitchell** | **26th June 2026** |
| Stiúrthóir Seirbhísí - Tithíocht | |